Mollaí Cúl

Irish Independent

eureka

Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)* **Imleabhar 10, Eagrán 28, 11 Meitheamh 2014**

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Spraoi an tSamhraidh

I rith an tsamhraidh, téann a lán daoine ar saoire agus baineann siad sult as laethanta a chaitheamh amuigh faoin spéir. Bíonn an-spórt ag baint le féilte, agus pé ait in Éirinn ina mbeidh tú, beidh féile ar siúl in aice láimhe - féile ceoil, féile na n-ealaíon, taispeántas capall, féile rince, féile sráide b'fhéidir, ina mbíonn gleacaithe (acrobats) agus lámhchleasaithe (jugglers) ag glacadh páirte. Agus ná dearmad **Aonach an Phoic** – i rith na féile seo, tugann muintir na háite gabhar sléibhe anuas ón tsliabh go baile Chill Orglain agus cuireann siad ar taispeáint é ar feadh trí lá agus trí oíche mar Rí an Phoic.

Tá an-suim ag daoine ar fud an domhain i bhféilte eitleog. Deir daoine go mbíonn, ar a laghad, féile eitleog amháin ar siúl in áit éigin ar domhan gach deireadh seachtaine. I gceann aon lá déag, beidh féile eitleog anseo in Éirinn againn – ar an 22ú lá de Mheitheamh. Beidh an dara Féile Eitleog Átha Cliath ar siúl ag Oiléan an Tairbh Thuaidh i gCluain Tarbh. Beidh eitleoirí eitleoige as gach cearn den tír, agus as gach cearn den domhan, ag léiriú a gcuid scileanna. Beidh duaiseanna ar fáil don eitilt eitleoige is fearr agus do na heitleoga is áille agus is greannmhaire.

Tá daoine ag cur eitleoga ag eitilt leis na mílte bliain anuas. Ceapann saineolaithe anois gur thosaigh an nós sa tSín thart ar an mbliain 1000 R.C. Bainimid spraoi agus spóirt as eitleoga ach chomh maith leo sin, bainimid úsáid thábhachtach astu freisin. D'úsáid daoine iad i gcúrsaí catha agus troda leis na céadta bliain anuas. Sheol daoine teachtaireachtaí agus comharthaí leo. D'ardaigh eitleoga móra saighdiúirí suas san aer chun go bhfeicfeadh siad cad a bhí ar siúl ag an namhaid. Chomh maith leis sin, d'úsáid daoine iad nuair a bhí siad ag iascaireacht nó chun faisnéis na haimsire a insint. Sa bhliain 1826, d'úsáid daoine eitleoga, seachas capaill, chun cóiste a tharraingt idir Londain agus Bristol.

Tá an-tóir ar eitilt eitleoige mar spórt le fada an lá. Bhí an méid sin suime sa sport sa tSeapáin san 18ú céad, gur chuir an rialtas cosc air, mar go raibh daoine ag eitilt eitleoige in ionad dul ag obair. Anois, sa 21ú haois, tá eitilt eitleoige ar cheann de na spóirt is tapúla fás (fastest-growing) ar domhan. An tseachtain seo, féachfaidh Eureka ar an eolaíocht a bhaineann le heitleoga agus beidh seans agat d'eitleog féin a dhéanamh.

Go mbaine tú sult as an tsaoire agus beidh Eureka ar ais i mí Mheán Fómhair leis na scéalta eolaíochta is fearr.

Eitleoga

Tá daoine ag baint spraoi agus spóirt as eitleoga le 2000 bliain anuas, ar a laghad. Sa tSín, sa tSeapáin agus in áiteanna eile san Áis, bíonn féilte eitleog acu chun teacht an earraigh a cheiliúradh. Go minic, bíonn dathanna agus pictiúir dheasa gheala orthu, agus bíonn eireabaill dhaite ag eitilt taobh thiar díobh. Bíonn cruthanna éagsúla agus méideanna éagsúla orthu; cé go mbíonn cuma chasta ar eitleoga, is féidir eitleog a dhéanamh go héasca. Bain triail as d'eitleog féin a dhearadh agus a dhéanamh sa chéad ghníomhaíocht eile.

AIRE: Ná cuir eitleog ag eitilt in aice le línte cumhachta (power lines) riamh.



fill an leathanach



fill gach taobh arís





TREORACHA:

1. Fill (fold) an páipéar mar a fheiceann tú sna léaráidí.
2. Cuir seilitéip ar an bhfilleadh.
3. Greamaigh an bata leis an eitleog le seilitéip mar a fheiceann tú sa léaráid.
4. Greamaigh na ribíní leis an eitleog le seilitéip.
5. Déan poll trian den bhealach síos an liopa (flap).
6. Ceangail an téad tríd an bpoll.
7. Maisigh d'eitleog. Anois, tá tú réidh chun d'eitleog a chur ag eitilt. Bí cinnte go bhfuil dóthain spáis agat.

BUNÁBHAIR:

- Bileog páipéir A4
- Píosa fada téide
- Seilitéip
- Bata adhmaid m.sh., taca (support) plandaí / bataí kebab
- Siosúr
- Marcóirí nó pinn fheilte chun an eitleog a mhaisiú
- Ribíní nó leathán (sheet) plaisteach daite, agus é gearrtha ina ribíní. Is iad seo na heireabaill.

SMAOINIGH AIR SEO:

An mbeadh páipéar síprise (crepe) / plaisteach níos fearr mar ábhar eitleoige?

An mbeadh sop óil (straw) níos fearr ná an bata adhmaid?

An ndéanann an t-eireaball difríocht? Conas a thástálfá é seo?

Dear imscrúduithe chun na ceisteanna seo a fhreagairt. Bí cinnte go mbíonn na tástálacha cothrom.

Cumhacht an aeir

Tá eitleoga níos troime ná aer – mar sin, cén fáth a bhfanann siad thuas san aer? Cuireann daoine eitleoga ar eitilt nuair a bhíonn an aimsir gaofar. Is cosúil gurb í an ghaoth atá ag gluaiseacht a choimeádann iad thuas san aer. Aer atá ag gluaiseacht is ea an ghaoth. Ach an dóigh leat go bhfuil cumhacht ag aer nach bhfuil ag gluaiseacht, nó ag aer atá ag gluaiseacht go han-mhall? Seans go gcuirfidh na gníomhaíochtaí a leanas ionadh ort!

Seas, seas san aer

Is maith an smaoineamh é tástáil a dhéanamh cúpla uair ach má bhí sí míchothrom an chéad uair, ní bheidh sí cothrom nuair a dhéanfaidh siad arís í ach oiread. Tá sé an-tábhachtach breathnú go grinn, ach arís, ní chinnteoidh sé sin go mbeidh sí cothrom. Tá na páistí ag iarraidh a fháil amach an ndéanfaidh méid na n-eitleog aon difríocht, agus mar sin, níor cheart go mbeadh na heitleoga chomh mór lena chéile. Ar an ábhar sin, is tábhachtaí a chinntiú go bhfuil an fad céanna sna téada uile ar na heitleoga.

Gníomhaíocht

Dúshlán dodhéanta

Bunábhair:

- 2 phíosa páipéir

Treoracha:

1. Iarr ar chara leat breith ar an dá phíosa páipéir os comhair a b(h)éil sa chaoi go bhfuil an dá phíosa i dteagmháil le chéile (féach ar an léaráid).
2. Tabhair dúshlán do do chara – iarr air/uirthi séideadh idir an dá phíosa páipéir chun iad a scaradh ó chéile (apart). Tá sé dodhéanta is cuma cé chomh láidir agus a shéideann sé/sí!

Cén fáth a dtarlaíonn sé seo?

Bíonn aer áirithe ag gluaiseacht go tapa agus bíonn aer eile ag gluaiseacht go mall. An raibh a fhios agat gur láidre a bhrúnn aer a ghluaiseann go mall in aghaidh rudaí, ná aer a ghluaiseann go tapa? Nuair a shéideann duine idir na píosaí páipéir, tá an t-aer sin ag gluaiseacht go tapa. Ach an t-aer atá ar gach aon taobh de na píosaí páipéir, tá an t-aer sin ag gluaiseacht go mall (nó b'fhéidir nach bhfuil sé ag gluaiseacht ar chor ar bith) agus tá sé níos láidre ná an t-aer atá ag gluaiseacht go tapa. Mar sin, brúnn an t-aer mall na píosaí páipéir le chéile.

Gníomhaíocht

Dúshlán breise

Tá dhá rud i gceist anseo; aer atá ag gluaiseacht go mall agus aer atá ag gluaiseacht go tapa. Pléigh an toradh le do mhúinteoir.

Bunábhair:

- Píosa páipéir atá thart ar 4 cm ar leithead

Treoracha:

1. Beir ar an bpíosa páipéir le do dhá lámh. Cad a tharlóidh má shéideann tú thar bharr an pháipéir (féach ar an léaráid)? **Tuar**.
2. Cá bhfuil an t-aer atá ag gluaiseacht go tapa agus cá bhfuil an t-aer atá ag gluaiseacht go mall?
3. Bain triail as. An raibh an ceart agat?
4. Cad a insíonn sé seo duit faoi aer ag gluaiseacht go tapa agus faoi aer ag gluaiseacht go mall?

Pléigh:

An dóigh leat go gcabhraíonn aer atá ag gluaiseacht go mall nó aer socair (still) le heitleog fanacht thuas san aer?

Clársheoltóireacht eitleoige

Uaireanta cois trá, feicfidh tú daoine ag taisteal go tapa agus iad á dtarraingt ag eitleoga an-mhóra (eitleoga le cumhacht). Tá na daoine seo ag déanamh clársheoltóireacht eitleoige (kitesurfing). Seasann siad ar chlár toinne (surfboard) beag san uisce agus tarraingíonn an eitleog iad. Is féidir é seo a dhéanamh sa sneachta freisin agus sa ghaineamh – is féidir seasamh ar chlár sneachta (snowboard) nó ar chlár a bhfuil rothaí air. Tarraingíonn eitleog iad ar fad.

An mhí seo caite bhí 'Cogadh an Chuain', an 8ú Féile Clársheoltóireachta Átha Cliath, ar siúl ar thrá Chnocán Doirinne (Dollymount). Deir daoine go bhfuil trá Chnocán Doirinne ar cheann de na tránna is fearr ar domhan don chlársheoltóireacht eitleoige. Má bhíonn deis agat, tabhair cuairt uirthi agus breathnaigh ar na clársheoltóirí eitleoige.

Suas, suas san aer

Tá eitleog mhór ag Maidhc. Tá eitleog níos lú ag Mollaí. Is í eitleog a gcarad an ceann is lú. Níl siad cinnte an ndéanann méid na n-eitleog difríocht nuair a bhíonn siad ag eitilt eitleog. Deir an múinteoir leo na heitleoga a thástáil ach go gcaithfidh an tástáil bheith cothrom. Cad ba cheart dóibh a dhéanamh? Cuir tic i mbosca amháin.

- ☐ An tástáil a dhéanamh cúpla uair
- ☐ An fad céanna a bheith sna téada ar na heitleoga uile
- ☐ Breathnú go grinn ar na heitleoga ar feadh tamall fada
- ☐ Na heitleoga a bheith chomh mór lena chéile

Fíricí Fónta

- Sa bhliain 1991, sheol eolaithe 2,478 smugairle róin choitianta óga isteach sa spás ar an spástointeálaí (space shuttle), *Columbia*. Bhí na heolaithe ag déanamh staidéir ar thionchar dímheáchain Chuaigh formhór na smugairlí róin in oiriúint (adapted) don spás.
- An eitleog is mó ar domhan, tá sí 630 méadar chearnacha. Tá sí níos mó ná dhá chúirt leadóige curtha le chéile.
- Dhá bhliain ó shin, rinne eolaithe smugairle róin saorga (artificial). D'úsáid siad cealla croí ó fhrancach agus an ceimiceán, sileacón. Chabhraigh cealla an fhrancaigh leis gluaiseacht tríd an uisce.
- Is é 180 uair an chloig an t-achar eitilte eitleoige is faide riamh.
- Tá thart ar 2,000 kg meáchain i roinnt de na heitleoga Seapánacha.

Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine

Beidh tú amuigh ag spraoi faoin ngrian i rith an tsamhraidh. Is deas an mothúchán é solas agus teas na gréine ar do chuid craicinn agus is maith duit é. Deir roinnt eolaithe go spreagfaidh solas na gréine d'inchinn agus go ndéanfaidh sí ceimiceáin áirithe a chuirfidh dea-ghiúmar ort. Déanfaidh do chorp **Vitimín D** mar gheall ar sholas na gréine. Coinneoidh an vitimín seo do chnámha sláintiúil. Ach déanfaidh an iomarca de sholas na gréine dochar do do chraiceann. Mar sin, cuimhnigh i gcónaí ar an mana (slogan) '**Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine**', agus lean an dea-chomhairle sin. Ar an gcaoi seo, beidh do chraiceann slán sábháilte.



Smugairlí róin

Má théann tú cois cósta i mbliana, seans go bhfeicfidh tú smugairle róin. Nach deas an t-ainm Gaeilge atá ar an ainmhí seo? Ní iasc é an smugairle róin. Tá smugairlí róin ag síobadh (drifting) sna haigéin leis na milliúin bliain. Bhí siad ar an domhan roimh na dineasáir! Tá sé éasca smugairle róin a aithint mar go mbíonn **braiteoga** (tentacles) fada ag sileadh anuas leis. Tá cealla bídeacha loiscneacha (stinging) sna braiteoga sin, agus cuireann na cealla seo mearbhall ar an **gcreach** (prey) sula n-íosfaidh an smugairle róin é.

Tá saghsanna éagsúla smugairle róin ann. Tá roinnt acu trédhearcach (transparent) – tá siad cosúil le mála plaisteach san uisce. Tá dathanna áille ar chinn eile – bándearg, buí, gorm nó corcra. Thart ar chóstaí na hÉireann, feicimid an smugairle róin coiteann (common) – tá ceithre fháinne chorcra air. Ní chuireann sé ach cealg bheag i nduine, ach ar an lámh eile de, tá cealg mhór ag an smugairle leonmhongach (lion's mane jellyfish).

Ní ionsaíonn smugairlí róin daoine d'aon ghnó (on purpose). Cuireann siad formhór na gcealg i ndaoine nuair a dhéanann daoine teagmháil, trí thaisme, le smugairlí róin. Má chuireann speicis áirithe cealg ionat, seans go bhfaighidh tú bás. Is é smugairle cuachach (box jellyfish) na hAstráile an smugairle róin is nimhní. Bíonn smugairle an tseoil (Portuguese man-o'-war) ar snámh ar bharr uisce na n-aigéan trópaiceach agus deir daoine go bhfuil a chealg chomh nimhneach le greim chobra.

Itheann smugairlí róin éisc, ribí róibéis (shrimps), portáin, plandaí bídeacha agus speicis eile smugairlí róin. Is breá le turtair mhara blas smugairle róin! Le 2000 bliain anuas, tá na Sínigh ag iascaireacht smugairlí róin agus itheann siad iad – dar leo gur bia speisialta álainn é. Is cuid thábhachtach den leigheas Síneach iad smugairlí róin freisin.

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ionad Oideachas Eolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather, Clíona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley
Dearadh: INM Studio
Scríobh chuig: Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó
Cuir ríomhphost chuig: eureka@ independent.ie
www.independent.ie/eureka